An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

The King's Foundation

DfC
Department for Communities
www.communities-ni.gov.uk

CITB
Construction Industry Training Board NI

National Museums NI



# An Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann 2026-27

EOLAS FAOIN gCLÁR

# AN CLÁR SCILEANNA OIDHREACHTA UILE-ÉIREANN

**Tacaíonn an Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann leo siúd a oibríonn san earnáil tógála i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann chun a scileanna a ardú chuig an gcéad leibhéal eile agus leanúint ar a n-aistear go ndéanfar an chéad ghlúin eile de shaineolaithe díobh ina rogha ceirde.**



## RÉAMHRÁ

Creideann comhpháirtithe an Chláir Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann go bhfuil sé ríthábhachtach an saineolas agus an t-eolas a chaomhnú a bhaineann le go leor de na scileanna tógála traidisiúnta a mhúnlaigh ár dtimpeallacht thógtha stairiúil. Mar gheall go bhfuil go leor oibrithe san earnáil ar aois scoir anois, tá sé ríthábhachtach go gcuirtear na scileanna seo ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile de shaineolaithe ina rogha ceirde. Agus amhlaidh á dhéanamh, táimid meáite ar a chinntiú go leanann daoine leis an eolas agus na scileanna praiticiúla ceardaíochta a bheith acu a theastaíonn chun ár bhfoirgnimh stairiúla a athchóiriú agus a chaomhnú, agus go dtaispeántar an ról tábhachtach ar féidir le scileanna ceardaíochta traidisiúnta a bheith acu i dtaobh spásanna agus áiteanna nua a chruthú.

Tugtar le chéile sa Chlár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann gach bliain grúpa cohórt a mhéad le 8 mac léinn ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag chun taithí phraiticiúil a fháil ar scileanna tógála traidisiúnta, caomhnú ag obair deisiú, cleachtas idirdhisciplíneach, agus an deis a fháil obair i dtreo an Dioplóma i Scileanna Oidhreachta (Tógáil) ar Cáilíocht Náisiúnta Gairmoideachais (NVQ) ar Leibhéal 3 é.

Grúpa éagsúil agus oilte ceardaithe iad na mic léinn seo a bhfuil paisean acu da gcreid ar leith. Thug go leor dár n-iarrthóirí faoi chláir choláiste, nó fuair siad go leor taithí phraiticiúil ag obair san earnáil.

Tá mar aidhm ag an gClár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann an taithí sin a chur i bhfeidhm, agus an deis a thabhairt do na rannpháirtithe obair taobh le daoine a bhfuil an dearcadh céanna acu, cur lena bportfóilió scileanna, agus líonraí a fhorbairt ar fud Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann.

## AIDHMEANNA AN CHLÁIR

- Uasoiliúint a chur ar ghrúpa ceardaithe i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann, agus saineolas, scileanna idirdhisciplíneacha agus oiliúint ar an láthair oibre á gcur ar fáil.
- Tionscadal sárthaispeántais a fhorbairt a spreagfaidh díograis in oiliúint ar cheardaíocht oidhreachta i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.
- Líonra cleachtóirí, eagraíochtaí agus daoine aonair a chruthú ar féidir leo obair i dtreo cláir agus tionscnaimh amach anseo a fhorbairt san earnáil cheardaíochta oidhreachta.

# STRUCHTÚR AN CHLÁIR

Cúrsa 12 mhí é an Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann a thacaíonn leo siúd a oibríonn san earnáil tógála chun a scileanna a ardú chuig an gcéad leibhéal eile agus leanúint ar a n-aistear go ndéanfar an chéad ghlúin eile de shaineolaithe traidisiúnta díobh ina rogha ceirde.



## SCOIL SAMHRAIDH

3 SEACHTAINE

Tosaítear an cúrsa le dianchúrsa trí seachtaine i Scoil Samhraidh a chuirtear ar siúl in Eastát Theach Dumfries in Albain.

Tugann an Scoil Samhraidh sin an deis léargas a fháil ar theagasc níos fairsinge The King's Foundation agus cuirtear gníomhaíochtaí ar siúl ann cosúil le ranganna líníochta, geoiméadracht agus léachtaí anuas ar thurais ailtireachta.

I rith an dara seachtain, glacann rannpháirtithe páirt i sraith ceardlann teagmhálach ceardaíochta le máistircheardaithe, áit a bhfoghlaimeoidh siad an iomaí scil agus ábhar éagsúil a bhaineann lenár dtimpeallacht thógtha.

Cuirtear deireadh leis an Scoil Samhraidh le ceardlann 'Dear agus Tóg' atá bunaithe ar phrionsabail an deartha agus na tógála.



## SOCRÚCHÁIN TIONSCAIL

35 SEACHTAINE

Príomhghné den Chlár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann is ea rannpháirtíocht ina mhéad le tríocha a cúig seachtain de Shocrúcháin Tionscail le ceardaithe agus cuideachtaí traidisiúnta tógála i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann.

Bíonn na socrúcháin dírithe ar limistéar faoi leith ceirde gach rannpháirtí agus tugtar deis iontach iontu scileanna praiticiúla a fhoghlaim, agus fianaise ríthábhachtach a bhailiú dóibh siúd atá ag tabhairt faoin Dioplóma i Scileanna Oidhreachta, ar Cáilíocht Náisiúnta Gairmoideachais (NVQ) ar Leibhéal 3 é.

Is gnách go nglacann rannpháirtithe páirt in dhá nó trí shocrúchán le heagraíochtaí éagsúla. Eagraíonn comhordaitheoir an chláir socrúcháin thar ceann rannpháirtithe, agus leas á bhaint as ár líonra fairsing soláthraithe socrúcháin.



## SCOIL GHEIMHRIDH
## SEACHTAINÍ ÁBHAR
## CÚRSA GNÓ

7 SEACHTAINE

### SCOIL GHEIMHRIDH

Freastalaíonn rannpháirtithe ar Scoil Gheimhridh chónaithe in Eanáir, i ndiaidh dóibh an chéad socrúchán tionscail a chríochnú, a chuirtear ar siúl i gCill Chainnigh nó i Maigh Rath, Contae an Dúin.

Glacann rannpháirtithe páirt i rith an dá sheachtain i gcainteanna agus ceardlanna ar ghnéithe éagsúla den timpeallacht thógtha níos fairsinge, den oidhreacht agus den inbhuanaitheacht.

### SEACHTAINÍ ÁBHAR

Cuirtear cúrsaí cónaithe éagsúla cúig seachtaine ar siúl sa chlár ina ndírítear ar ábhair i réigiúin éagsúla Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann. Fiosrófar i rith na seachtainí siúd téamaí na cloiche, an adhmaid, an aoil, an tuí agus na cré.

### CÚRSA GNÓ

Tugtar tús eolais do rannpháirtithe ar réimse gairmithe agus gnólachtaí oidhreachta i rith an chláir a thugann comhairle faoi conas obair mar ghairmí oidhreachta sa timpeallacht ghnó faoi láthair.



## TIONSCADAL COMHOIBRÍOCH

2 SEACHTAINE

Tugtar deis sa Tionscadal Comhoibríoch do rannpháirtithe obair go comhoibríoch ar thionscadal a bhaineann le scileanna oidhreachta in Éirinn.

I rith luathchéimeanna an chláir, tugann comhordaitheoir an chláir tús eolais do rannpháirtithe ar scóip an tionscadail. Leantar ag obair ar an tionscadal agus le páirt a ghlacadh ann nuair a thagann an grúpa le chéile arís ag céimeanna éagsúla i rith an chláir.


Tagann an grúpa le chéile den uair dheireanach tar éis na Socrúcháin Tionscail a chríochnú chun an tionscadal comhoibríoch a chríochnú mar fhoireann.

Deis atá sa Tionscadal Comhoibríoch go leor de na scileanna a thaispeáint a foghlaimíodh i rith na socrúchán tionscail, agus chun foghlaim ó na limistéir cheardaíochta éagsúla eile freisin atá ag na rannpháirtithe sa ghrúpa.

# DÁTAÍ AN CHLÁIR 2026-27

[Faoi réir athrú]

| | |
|---|---|
| Tús | Dé Domhnaigh, 12 Iúil 2026 |
| Scoil Samhraidh<br>(3 seach.) | 12 Iúil 1 Lúnasa<br>Eastát Theach Dumfries, Albain |
| Sos 1 | 3 Lúnasa - 7 Lúnasa |
| Ionduchtú an NVQ<br>(2 seach.) | 10 Lúnasa - 21 Lúnasa |
| Socrúchán 1<br>(15  seach.) | 24 Lúnasa - 18 Nollaig |
| Seachtain Ábhar 1 | 28 Meán Fómhair - 2 Deireadh Fómhair |
| Seachtain Ábhar 2 | 9 Samhain - 13 Samhain |
| Sos 2 | 21 Nollaig 2026 - 1 Eanáir 2027 |
| Scoil Samhraidhl<br>& Cúrsa Gnó<br>(2  seach.) | 4 Eanáir - 15 Eanáir |
| Socrúchán 2<br>(10  seach.) | 18 Eanáir 2 Aibreán |
| Seachtain Ábhar 3 | 15 - 19 Feabhra |
| Sos 3 | 5 Aibreán - 9 Aibreál |
| Seachtain Ábhar 4 | 12 Aibreán - 16 Aibreán |
| Socrúchán 3<br>(8  seach.) | 19 Aibreán - 18 Meitheamh |
| Seachtain Ábhar 5 | 10 Bealtaine - 14 Bealtaine |
| Tionscadal Comhoibríoch<br>(2  seach.) | 21 Meitheamh - 2 Iúil |
| Críoch | 2 Iúil 2027 |



## RIACHTANAIS IONTRÁLA

Tá an Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann dírithe orthu siúd a oibríonn i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann a bhfuil taithí acu ar limistéir cheardaíochta, cosúil le: saoirseacht chloiche, siúinéireacht, bríceadóireacht, gaibhneacht dhubh, plástráil, tuíodóireacht, díonadóireacht agus tíliú, péintéireacht agus maisiúchán.

Anuas ar thaithí phraiticiúil i ndisciplín cheardaíochta foirgníochta, ba cheart go mbeadh suim ag iarratasóirí ina gceird féin a fhorbairt ina ndírítear i dtreo modhanna oidhreachta agus traidisiúnta agus cothromaíocht á baint amach san am céanna i mbealaí oibre an 21ú haois.

Tá mar aidhm ag an gClár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann cineál iomlánaíoch ár dtimpeallachta tógtha a thabhairt chun solais agus cuirtear chun cinn ann dá bharr foghlaim ildisciplíneach, agus nochtar rannpháirtithe do ghnéithe ailtireachta, deartha agus réimse scileanna ceardaíochta. Freastalaíonn an clár gach bliain ar 8 rannpháirtí ar a mhéad. Roghnaítear rannpháirtithe trí phróiseas iarratais, gearrliostaithe, agus agallaimh.

Ní mór d'iarratasóirí **CEANN AMHÁIN** de na riachtanais a leanas a shásamh:

- **Leibhéal 4 nó 5 Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)/ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) nó a chomhionann in ábhar ceardaíochta foirgníochta/tógála.**
- **Cáilíocht Náisiúnta Gairmoideachais (NVQ)/ Cáilíocht Gairmoideachais na hAlban (SVQ) ar Leibhéal 2 nó 3 nó a chomhionann in ábhar ceardaíochta foirgníochta/tógála.**
- **Cáilíocht in ábhar ceardaíochta foirgníochta/ tógála ó údarás aitheanta.**
- **Go leor taithí oibre i do rogha limistéir ceardaíochta/ ceirde.**

Tabhair faoi deara go n-iarrfar ort portfóilió digiteach a sheoladh ar aghaidh ina gcuirfear samplaí ar fáil d'obair/ tionscadail a rinne tú maidir le do limistéar ceardaíochta/ ceirde.

## MIC LÉINN IDIRNÁISIÚNTA

Iarrfar ort i bhformhór na gcásanna CEANN AMHÁIN de na riachtanais a leanas a shásamh chun go mbeidh tú incháilithe don Chlár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann:

- **Pas na Ríochta Aontaithe nó na hÉireann a bheith agat**
- **Gnáthchónaí a bheith ort i bPoblacht na hÉireann**
- **Gnáthchónaí a bheith ort i dTuaisceart Éireann**
- **Stádas Lonnaithe / Cead chun Fanacht sa Ríocht Aontaithe ar Feadh Tréimhse Éiginnte**
- **Stádas Réamhlonnaithe**

Ní leor glacadh leat ar an gClár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann leis féin chun an chónaitheacht / víosa staidéir oiriúnach a fháil. Tabhair faoi deara nach féidir le comhpháirtithe an chláir cabhrú leat víosa a fháil.

Má theastaíonn víosa uait chun obair nó staidéar a dhéanamh i bPoblacht na hÉireann nó Tuaisceart Éireann, déan teagmháil le Comhordaitheoir an Chláir sula seolfaidh tú iarratas.



## FREASTAL

Cúrsa lánaimseartha é an Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann a thosóidh an 12 Iúil 2026 agus a chríochnóidh an 2 Iúil 2027.

Cuirtear sosanna ar fáil i rith an chúrsa, de réir amchlár an chúrsa. Tabhair faoi deara nach féidir aon saoire a ghlacadh lasmuigh den tréimhse seo.

Is gnách go gcuirtear an Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann ar siúl ó Luan go hAoine gach seachtain, ach beidh uaireanta breise freastail ag teastáil i rith ghnéithe áirithe an chúrsa, cosúil leis an Scoil Samhraidh. Cuirfidh do sholáthraithe socrúcháin aonair in iúl duit d'uaireanta freastail i rith do Shocrúchán Tionscail.

## MAOINIÚ AGUS SPARÁNACHTAÍ

Is féidir an Clár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann a chur ar siúl a bhuíochas le flaithiúlacht réimse fairsing daoine agus eagraíochtaí a thacaíonn leis an gclár gach bliain.

Bronnfar scoláireacht iomlán ar gach rannpháirtí sa Chlár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann 2026-27 a íocfaidh as táillí an chúrsa, agus cuirfear sparánacht mhíosúil saor ó cháin £1400 / €1600 ar fáil freisin chun cabhrú le híoc as cuid de na costais mhaireachtála.

Caithfidh rannpháirtithe gach costas cóiríochta, taistil, cothaithe agus aon chostais mhaireachtála bhainteacha a shocrú agus a íoc fad a bhíonn siad ar socrúchán. Cuirfear formhór na n-ábhar a theastaíonn don chúrsa ar fáil.

## CÓIRÍOCHT

Cuirfear cóiríocht ar fáil i rith na Scoile Samhraidh, na Scoile Geimhridh, agus na Seachtainí Ábhar.

Beidh ort do chóiríocht féin ghearrthéarmach a aimsiú agus íoc aisti i rith Socrúcháin Tionscail, a ligfidh duit páirt iomlán a ghlacadh sa chlár, mar a shocróidh comhordaitheoir an chláir.

Mar gheall ar chineál na hearnála tógála, b'fhéidir nach mbeifear ábalta i gcónaí sonraí a thabhairt i bhfad roimh ré do rannpháirtithe faoin socrúchán agus faoi na láithreacha féin ina gcuirfear é ar siúl. B'fhéidir go mbeidh ort i gcásanna áirithe, dá bharr, cóiríocht a aimsiú ar gearrfhógra. Déanfar gach iarracht a chinntiú go ndeimhneofar socrúcháin a luaithe agus is féidir.

> “CHUIR NA SEACHTAINÍ ÁBHAR TUISCINT NÍOS FEARR DÚINN GO LÉIR AR ÁBHAIR ÉAGSÚLA. BA PHRIBHLÉID PÁIRT A GHLACADH I GCEARDLANNA A MB'FHÉIDIR NACH DTABHARFAÍ AN DEIS SIN DOM MURACH SIN”



## SOCRÚCHÁIN TIONSCAIL

Príomhghné den Chlár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann a bheidh i rannpháirtíocht ina mhéad le 35 seachtain de Shocrúcháin Tionscail le ceardaithe agus cuideachtaí traidisiúnta tógála ar fud Oileán na hÉireann.

Eagraíonn Comhordaitheoir an Chláir Socrúcháin Tionscail. Tá roinnt tosca ar gá iad a chur san áireamh nuair a bhíonn socrúcháin á n-eagrú agus á ndeimhniú.

Seo a leanas roinnt díobh:

- **Ualach oibre soláthraithe socrúcháin.**
- **Soláthar árachais soláthraithe socrúcháin.**
- **Acmhainn soláthraithe socrúcháin monatóireacht a dhéanamh ar mhac léinn.**
- **Láthair an tsoláthraí socrúcháin agus thionscadal.**
- **Fad an tsocrúcháin.**
- **Ábharthacht na hoibre ar aon dul le riachtanais NVQ.**
- **Ábharthacht na hoibre ar aon dul le héiteas an chláir.**
- **Ábharthacht na hoibre ar aon dul le riachtanais mhaoinithe.**
- **Do thaithí roimhe seo.**



## DIOPLÓMA NVQ SCILEANNA OIDHREACHTA

Tá mar aidhm ag an gClár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann acmhainn a fhorbairt san earnáil scileanna tógála traidisiúnta. Bealach amháin chun tacú leis seo is ea tríd an deis a thabhairt do rannpháirtithe obair i dtreo NVQ ar Leibhéal 3 i Scileanna Oidhreachta (Tógáil) a bhaint amach. Beidh orthu siúd a n-éiríonn leo áit a fháil ar an gclár an tabhairt faoin gcáilíocht sin pé áit ar féidir.

Cáilíocht é an NVQ ar Leibhéal 3 i Scileanna Oidhreachta (Tógáil) a mheasúnaítear ar an láthair (i.e. bailítear fianaise trí rannpháirtíocht i dtionscadail bheo, seachas in obair ionsamhlaithe). Tabharfar tús áite i measc siúd a thugann faoin gcáilíocht sin d'fhianaise a fháil ar mhodhanna traidisiúnta caomhnaithe, athchóirithe agus deisithe.

Déanfaidh Measúnóir NVQ oiriúnach athbhreithniú ar cháilitheacht rannpháirtithe chun tabhairt faoin gcáilíocht NVQ ag tús an chláir. Nuair a mheastar go bhfuil ÁIT A MBEIDH SÉ AR SIÚL a rannpháirtí incháilithe, bíonn súil leis go dtabharfaidh siad faoin gcáilíocht NVQ.

Casfaidh iad siúd a thugann faoin NVQ lena measúnóir sannta i gcaitheamh na bliana agus déanfaidh siad teagmháil rialta leo ar an nguthán agus ar ríomhphost. Tá an fhreagracht ar na rannpháirtithe a chinntiú go mbailíonn siad an t-eolas agus an fhianaise bhainteach go léir mar a iarrann an measúnóir sannta, a chinntíonn go seoltar aon fhianaise in am.

Baineann an NVQ ar Leibhéal 3 i Scileanna Oidhreachta le ceird faoi leith, i.e. Cloch, Gairmeacha Adhmaid, Plástráil Sholadach. Mar gheall ar shrianta ama an chláir, agus/nó ar fháil theoranta ar Mheasúnóirí NVQ, b'fhéidir nach mbeifear in ann an cháilíocht a chur ar fáil i ngach limistéar ceardaíochta.

## TUAIRISCIÚ AGUS MEASÚNÚ

Mar chuid d'fhreastal rannpháirtithe ar an gclár, beidh aiseolas agus measúnú ag teastáil ag pointí éagsúla sa chúrsa. Ba cheart go léireofar sna tuairiscí sin na tascanna a rinneadh agus an t-eolas a foghlaimíodh.

Tá tuairisciú agus measúnú mar chuid ríthábhachtach dár gcomhaontú le go leor d'urraitheoirí agus maoinitheoirí an chláir. Beifear in ann teacht ar gach measúnú ar líne, agus ba cheart é a dhéanamh laistigh de na riachtanais ama mar a leagfaidh comhordaitheoir an chláir amach iad, agus is gnách gur seachtain amháin a bhíonn i gceist.

Is féidir le roinnt dár n-urraitheoirí agus maoinitheoirí mic léinn ar leith ar an gclár a ainmniú, ar mic léinn iad ar mhaith leo iad a leanúint níos dlúithe i rith a n-ama ar an gcúrsa.

Cuirfimid rannpháirtithe ar an eolas más amhlaidh an cás agus is féidir linn iarracht a dhéanamh rannpháirtithe a chur in aithne do phríomhtheagmhálaí san eagraíocht. Mar chuid den ainmniú sin, is féidir iarraidh ar rannpháirtithe eolas breise a chur ar fáil, foirmeacha aiseolais a líonadh, freastal ar imeachtaí faoi leith, nó a bheith faoi chaibidil in ábhar poiblíochta faoi leith.

## UIRLISÍ AGUS TREALAMH

Má éireoidh leat áit a fháil ar an gclár, caithfidh tú a chinntiú go bhfuil teacht agat ar éadaí oiriúnacha oibre, éadaí uiscedhíonacha, éadaí geimhridh agus buataisí bairbín cruach san áireamh.

Is gnách go mbeidh ar rannpháirtithe i rith na Socrúchán Tionscail a bpríomhuirlisí féin a thabhairt leo, is é sin, aon uirlisí láimhe a d'úsáidfeá go rialta de réir do cheirde.

Cuirfear trealamh cosanta pearsanta, cosúil le clogaid oibre, spéaclaí, lámhainní, veisteanna lonracha agus maisc ar fáil

Ní dhéanfaidh comhpháirtithe an chláir aon aisíocaíochtaí do dhíobháil, caillteanas, agus/nó caitheamh agus cuimilt d'uirlisí agus do threalaimh féin.








# COMHPHÁIRTITHE

## THE KING'S FOUNDATION

Tacaíonn The King's Foundation le daoine pobal a chruthú trí thacú le cur chuige inbhuanaithe i leith conas a mhairimid agus a thógaimid ár n-áiteanna cónaithe. Tá an bealach chun cinn á réiteach ag The King's Foundation trí na healaíona agus scileanna traidisiúnta a mhúineadh agus suíomhanna stairiúla a athchóiriú. Oibríonn The King's Foundation sa Ríocht Aontaithe agus go hidirnáisiúnta ach i gceartlár an eagraíocht tá athghiniúint Eastát Theach Dumfries agus a phobail níos fairsinge in Albain, athghiniúint atá faoi stiúir na hoidhreachta, áit a bhfiosraítear agus a chuirtear a phrionsabail agus a fhealsúnachtaí i bhfeidhm. Tá obair The King's Foundation spreagtha ag a Uachtarán, a Shoilse an Rí, agus a fhealsúnacht síochána: gur féidir le duine todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú tríd an gcothromaíocht, an t-ord agus an gaol idir sinn féin agus an domhan nádúrtha a thuiscint.

## AN CHOMHAIRLE OIDHREACHTA

Bunaíodh an Chomhairle Oidhreachta faoin Acht Oidhreachta, 1995 agus is comhlacht poiblí é atá bunaithe i bPoblacht na hÉireann arb é a misean tuiscint fhairsing a fhorbairt ar an méid ríthábhachtach a chuireann ár n-oidhreacht lenár bhfolláine shóisialta, chomhshaoil agus gheilleagrach. Tá freagracht ar leith ar an gComhairle Oidhreachta spéis, oideachas, eolas agus bród as an oidhreacht náisiúnta a chur chun cinn. Cuireann an Chomhairle Oidhreachta comhairle faoi bheartas ar fáil freisin don rialtas maidir leis an oidhreacht, saincheisteanna ina measc a imríonn tionchar ar an oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha.

## AN RANNÓG TIMPEALLACHTA STAIRIÚLA SA ROINN POBAL

Is í an Roinn Pobal an roinn is mó de naoi roinn rialtais Thuaisceart Éireann. Laistigh den Roinn, déanann an Rannóg Timpeallachta Stairiúla an timpeallacht stairiúil a thaifeadadh, a chosaint, a chaomhnú, a fheabhsú agus a chur chun cinn chun na tairbhí a chruthaíonn sí don ghlúin reatha agus do ghlúnta amach anseo a bhaint. Creideann sé go láidir go bhfuil againn go léir ar an timpeallacht stairiúil agus gur cheart go mbeimis go léir in ann taitneamh a bhaint aisti agus páirt a ghlacadh ina cothú. Creideann sé go bhfuil ár dtimpeallacht stairiúil a chosaint agus infheistiú inti ríthábhachtach chun todhchaí níos fearr a chruthú, mar gheall go dtacaíonn sí lenár rath, go láidríonn sí ár sochaí, agus go múnlaíonn sí ár gcarachtar. Mhúnlaigh na creidimh seo a aidhm: 'Cabhrú le pobail taitneamh a bhaint as luach ár dtimpeallachta stairiúla a thuiscint.

## BORD OILIÚNA TIONSCAIL TÓGÁLA THUAISCEART ÉIREANN

Is é an CITB NI an Bord Oiliúna Tionscail don tógáil, agus is é a ról oiliúint leordhóthanach iad siúd atá fostaithe nó atá ag súil go bhfostófar iad sa tionscal tógála agus scileanna agus táirgiúlacht an tionscail a spreagadh. Is é an CITB NI ball bunaidh Ghrúpa Oibre Scileanna Traidisiúnta Thuaisceart Éireann, a oibríonn le páirtithe leasmhara eile chun tionscnaimh a chur i bhfeidhm chun oiliúint scileanna traidisiúnta a chur chun cinn i dTuaisceart Éireann.

## MÚSAEIM NÁISIÚNTA THUAISCEART ÉIREANN

Déanann Músaeim Náisiúnta Thuaisceart Éireann (NMNI) sócmhainní cultúrtha, eolas agus comhchuimhne Thuaisceart Éireann a chaomhnú, a chosaint agus a chur chun cinn. Mar institiúid phoiblí, tá NMNI paiseanta faoina mhúsaeim agus glacann a bhailiúcháin le ról tábhachtach agus luachmhar i gceartlár na sochaí. Oibríonn sé i gcomhar leis an bpobal chun scéalta a roinnt agus aire a thabhairt do réimse fairsing earraí agus iad a chur i láthair ina gcuirtear beocht i smaointe tábhachtacha cultúrtha, oideachais, sóisialta agus eolaíochta. Fostaíonn siad foireann oilte i róil éagsúla scileanna traidisiúnta chun aire a thabhairt dá mbailiúcháin agus na scileanna sin a roinnt leis an bpobal.



Céimiú Mhic Léinn 2024/25

## APPLY NOW

Tá iarratais ar Chlár Scileanna Oidhreachta Uile-Éireann 2026-27 ar oscailt anois.

Chun iarratas a dhéanamh, téigh go dtí suíomh gréasáin National Museums NI ANSEO

Chun go ndéanfar d'iarratas a mheas, cinntigh go líonann tú an fhoirm iarratais, go gcuireann tú an uimhir thagartha san áireamh agus go n-uaslódálann tú an portfólió a ghabhann leis san fhormáid cheart.

Má bhíonn aon cheisteanna agat faoin gclár nó faoi d'iarratas, déan teagmháil le: tbyrne@heritagecouncil.ie

Is é an spriocdháta chun iarratais a fháil Dé hAoine, **an 10 Aibreán 2026 faoi 4pm**.

abhair faoi deara nach ndéanfar iarratais a gheofar tar éis an ama sin a mheas.

Beidh agallaimh ar siúl ar líne go luath i mBealtaine 2026.

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

THE KING'S FOUNDATION

DfC
Department for Communities
www.communities-ni.gov.uk

CITB
CONSTRUCTION INDUSTRY TRAINING BOARD NI

NATIONAL MUSEUMS NI